Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2146(DEC)

27.1.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

ar urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, Roinn I – Parlaimint na hEorpa (2025/2146(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Raquel García Hermida-Van Der Walle

PA_NonLegDec

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur croíluachanna an Aontais iad comhionannas inscne agus díothú neamhionannais mar a chumhdaítear in Airteagal 2 de Chonradh an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuil an tAontas tiomanta do chomhionannas inscne a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile faoi Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus sa tslí sin prionsabal an phríomhshruthaithe inscne agus an bhuiséadaithe inscne a bhunú;

B. de bhrí, faoi Riail 249, go nglacfaidh an Biúró plean gníomhaíochta inscne chun gné inscne a nascadh i ngníomhaíochtaí uile na Parlaiminte;

C. de bhrí gur réamhchoinníoll de dhaonlathas feidhmiúil iad comhionannas inscne agus rannpháirtíocht chomhionann agus fhóinteach na mban sa cheapadh beartais ar fad; de bhrí go bhfuil 39% de shuíocháin sa Pharlaimint ag mná faoi láthair, i gcomparáid le 27% i bparlaimintí náisiúnta ar fud an domhain; de bhrí go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht i gcás na cinnteoireachta; de bhrí gur aisiompaíodh gnóthachain roimhe seo i dtoghcháin 2024, agus 278 mbean thofa, laghdú beag ó 2019 agus an chéad laghdú ó 1979; de bhrí go bhfuil éagsúlacht shuaithinseach idir an chothromaíocht inscne i dtoscaireachtaí náisiúnta chun na Parlaiminte, ina léirítear neamhionannais leanúnacha ar fud na mBallstát;

D. de bhrí go mbíonn ar pholaiteoirí ban aghaidh a thabhairt ar leibhéil níos airde fuatha, ciaptha agus imeaglaithe ná mar a bhíonn ar a gcomhghleacaithe fear, go háirithe nuair atá siad óg agus ar son chearta na mban agus an chomhionannais inscne; de bhrí gur minic a áirítear leis sin mí-úsáid inscnebhunaithe agus bréagaisnéis inscne spriocdhírithe a dhíríonn d'aon ghnó ar mhná, go háirithe na mná sin atá infheicthe sa saol poiblí, agus bagairtí ar a sábháilteacht; de bhrí go gcruthaíonn na hionsaithe sin bacainní suaithinseacha ar rannpháirtíocht chomhionann na mban sa saol polaitiúil; de bhrí go mbacann sé sin rannpháirtíocht na mban sa pholaitíocht agus, sa tslí sin, go lagaíonn sé ár ndaonlathais trína n-ionadaíocht a laghdú;

E. de bhrí go bhfuil na mná fós faoi ghannionadaíocht i roinnt coistí agus go bhfuil ró-ionadaíocht acu i gcoistí eile; de bhrí, sa Pharlaimint, go ndéanann mná cathaoirleacht faoi láthair ar sheacht gcinn de na 24 bhuanchoiste agus fhochoiste, lena n-áirítear cuid acu a mbíonn ceannas ag fir orthu go traidisiúnta; de bhrí, i measc 48 dtoscaireacht na Parlaiminte, nach bhfuil ach 11 díobh faoi chathaoirleacht na mban; de bhrí go raibh 31 Uachtarán ar an bParlaimint ó 1979 i leith, nár mhná ach triúr díobh; de bhrí gur ábhar imní fós é gannionadaíocht na mban i bpoist cheannaireachta ar an leibhéal institiúideach is airde san Aontas; de bhrí gur mná iad seachtar de 14 Leas-Uachtarán na Parlaiminte, is ionann agus 50% de na poist cheannaireachta shinsearacha sin;

F. de bhrí nár bhunaigh an Pharlaimint saoire atharthachta agus tuismitheora do na Feisirí

go fóill, d'ainneoin beart tréitheach a dhéanamh trí sheach-chearta vótála a lamháil do na Feisirí ban roimh bhreith clainne agus ina diaidh;

G. de bhrí gur cheart go mbeadh feidhm ag caighdeáin chomhionannais inscne laistigh den Pharlaimint maidir lena foireann chomh maith; de bhrí go bhfuil neamhionannais ann i ndul chun cinn gairme, i scálaí tuarastail agus i slándáil poist don fhoireann, do chúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe agus d'oiliúnaithe; de bhrí go bhfuil an Pharlaimint, mar institiúid agus fostóir uathrialach, freagrach as a áirithiú go ndéanann a riarachán inmheánach, a beartas foirne, a creat frithchiaptha agus a dálaí oibre idirdhealú agus foréigean inscnebhunaithe a chosc agus dul i ngleic leo go héifeachtach agus comhionannas inscne a chur chun cinn;

H. de bhrí gur cheart don Pharlaimint ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla i gcás comhionannas inscne; de bhrí, mar shampla, go bhfeidhmíonn rannpháirtíocht na Parlaiminte san fheachtas domhanda 'An Domhan a Oráistiú', lena n-áirítear soilsiú siombalach fhoirgneamh na Parlaiminte agus taispeáint bratacha oráiste, mar sampla amháin dá tiomantas foréigean inscnebhunaithe a stad, agus aitheantas a thabhairt don tábhacht aird an phobail a tharraingt agus an Pharlaimint a úsáid mar ardán i gcoinne foréigean inscnebhunaithe;

1. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta i bpríomhshruthú agus i mbuiséadú inscne agus glacadh Phlean Gníomhaíochta Inscne 2025; á iarraidh go gcuirfí é a ar fáil go poiblí agus chun feidhme go pras trína threochlár don Phlean Gníomhaíochta Inscne agus go ndéanfaí measúnú críochnúil air le tuarascálacha rialta lena ndéantar faireachán ar an dul chun cinn atá déanta; á chur in iúl gur oth léi go bhfoirmlítear formhór na mbeart a áirítear mar phrionsabail gan spriocanna agus oibleagáidí soiléire; ag tathant go gcorprófaí buiséadú inscne comhsheasmhach i mbuiséad na Parlaiminte agus treoir príomhshruthú inscne; á chur in iúl gur geal léi obair an Líonra um Príomhshruthú Inscne sa Pharlaimint; á iarraidh, thairis sin, go neartófaí príomhshruthú inscne ar fud choistí na Parlaiminte; ag cur béim ar a thábhachtaí atá príomhshruthú inscne sa phróiseas chun an creat airgeadais ilbhliantúil nua a chaibidliú;

2. á iarraidh an athuair ar an bParlaimint iniúchadh a iarraidh chun an staid reatha a mhapáil ó thaobh comhionannas inscne de agus moltaí a dhéanamh do thaobhanna polaitiúla agus riaracháin ghníomhaíochtaí na Parlaiminte araon; á thabhairt chun suntais gur cheart go gcumhdófaí leis an iniúchadh sin na réimsí agus na táscairí uile a forbraíodh i 'sraith straitéisí inscne-íogaire parlaimintí' na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne agus na rialacha a shainaithint lena n-éascaítear nó lena mbactar comhionannas inscne i ngach gné a ndéantar anailís uirthi agus é mar aidhm leis sin bonn eolais a chur faoin treochlár comhionannais inscne atá le teacht;

3. á iarraidh ar an Uachtarán meastóireacht a dhéanamh ar an titim sa líon Feisirí ban in 2024 agus feachtais a mhaoiniú ina spreagtar mná chun dul isteach i bpolaitíocht AE; ag tathant ar na páirtithe náisiúnta bearta inscnechothromaithe a ghlacadh, amhail ordú malartach na bhfear agus na mban ar an liosta (zipeáil) agus/nó cuótaí inscne, go dtí go sroichfear paireacht; á iarraidh ar an gCoimisiún na rialacha a neartú chun cothromaíocht inscne a chinntú i róil cheannaireachta polaitiúla; á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla ar phríomhshruthú inscne laistigh d'institiúidí AE seachas sonraí ar líon na mban i bpoist éagsúla; á iarraidh, dá bhrí sin,

go dtiomsófaí staidreamh cuimsitheach inscne-imdhealaithe; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta do tháscairí cáilíochtúla a chruthú ar chomhionannas inscne chun bailiú sonraí inscne-imdhealaithe a fheabhsú agus chun leanúint de chomhionannas inscne a fheabhsú;

4. á iarraidh go mbeadh rialacha níos déine ann chun an fhuathchaint inscne agus an bhréagaisnéis inscne a chomhrac agus a chosc; ag tabhairt dá haire agus é ina chúis aiféala di, go bhfuil rátaí arda ciaptha ann i gcoinne cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe, lena n-áirítear gnéaschiapadh; á athdhearbhú go bhfuil gá le beartas neamhfhulaingthe i gcoinne ciaptha chun dea-bhail na foirne a chosaint agus gur dualgas ar aon fhostóir é; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht mhothúchánach agus dhlíthiúil spriocdhírithe do chúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe, don fhoireann, d'oiliúnaithe agus do na Fheisirí a ndéileálann le ciapadh, imeaglú agus fuath; á iarraidh go mbeadh creat neartaithe ann chun gearáin a chomhdú agus díospóidí ciaptha a láimhseáil go tráthúil; á iarraidh go mbeadh sásra neamhspleách agus iniúchadh seachtrach ann i gcoinne ciapadh; á éileamh go leanfaidh Biúró na Parlaiminte d'athchóiriú ar rialacha na Parlaiminte maidir le ciapadh trí shaineolaithe seachtracha agus neamhspleácha agus iniúchadh seachtrach a thabhairt isteach sa Choiste Comhairleach um Chiapadh agus a Chosc san Ionad Oibre agus díorma síceolaithe agus sásraí tacaíochta ar féidir le híospartaigh teacht orthu a mhéadú;

5. á chur i bhfáth go bhfuil leibhéil dhíréireacha d'fhoréigean digiteach agus polaitiúil roimh na Feisirí ban atá ciníochaithe, óg, feimineach, LGBTIQ+ nó ó chúlraí mionlaigh agus go bhfuil gá le bearta cosanta spriocdhírithe ina leith;

6. á iarraidh ar na coistí a ndícheall a dhéanamh i gcás cothromaíocht inscne níos fearr, lena n-áirítear i gcomhdhéanamh na bpost ceannaireachta; á iarraidh ar an Uachtarán agus ar an mBiúró ionadaíocht chothrománach agus cothromaíocht inscne a chinntiú ar gach leibhéal den suí iomlánach, ar fud na gcoistí agus na dtoscaireachtaí; á iarraidh ar ghrúpaí chun inscne a chur san áireamh, agus cuótaí inscne a fhorfheidhmiú, chun comhordaitheoirí, rapóirtéirí, scáthrapóirtéirí agus dáileadh ama labhartha a cheapadh; á iarraidh go gcuirfí bearta i bhfeidhm chun dul i ngleic le neamhionannais chothrománacha chun cothromaíocht inscne a chinntiú i gcoistí éagsúla; á mholadh go n-áireofaí tuilleadh fear i gCoiste FEMM, lena n-áirítear iad siúd a thacaíonn go gníomhach leis an gcomhionannas inscne mar chomhghuaillithe, chun freagracht chomhroinnte a chothú agus glacadh leis an gcochall chun comhionannas a chur chun cinn i gcleachtas do mhná agus do chailíní agus chun deireadh a chur le comhchruinniú inscneach na bpunann;

7. á iarraidh go ndéanfar bearta chun timpeallacht oibre 'mhnábhaúil' a áirithiú trí chleachtais oibre andralárnacha a athrú agus trí chiapadh a chomhrac;

8. á chur in iúl gur geal léi an seasamh ar sheachvótáil do na Feisirí ban roimh leanbh a shaolú agus ina dhiaidh; á iarraidh go leathnófaí seachvótáil chun gach tuismitheora nua agus go mbunófaí saoire mháithreachais, atharthachta agus tuismitheora atá comhionann agus neamh-inaistrithe do na Feisirí;

9. á chur in iúl gur geal léi tiomantas na Parlaiminte don chomhionannas, agus ag moladh a tacaíochta do phríomhghnéithe beartais amhail seach-chearta vótála do na Feisirí ban

roimh leanbh a shaolú agus ina dhiaidh; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chinntiú don fhoireann dá dtabharfar tosaíocht agus a neartófar tuilleadh, agus go gcuirfí bearta i bhfeidhm chun an ceart chun dícheangail a chur chun feidhme;

10. ag tabhairt dá haire agus é ina chúis aiféala di, na rátaí arda ciaptha – lena n-áirítear gnéaschiapadh – i gcoinne cúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe; á iarraidh go mbeadh creat neartaithe ann chun gearáin a chomhdú agus chun díospóidí ciaptha a láimhseáil go tráthúil;

11. á iarraidh ar an mBiúró agus ar an Ardrúnaí sonraí inscne-imdhealaithe a chur i láthair maidir le soláthar foirne, poist shinsearacha agus mheánbhainistíochta, cineálacha conarthaí, teilea-obair agus socruithe solúbtha oibre, chomh maith le bearta frithchiaptha agus torthaí gearáin laistigh de riarachán na Parlaiminte, d'fhonn neamhionannais a shainaithint agus a cheartú; á iarraidh go mbunófaí spriocanna soiléire faoi cheangal ama chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal den lucht bainistíochta laistigh de riarachán na Parlaiminte, lena n-áirítear ardstiúrthóirí agus cinn aonaid;

12. á aithint gur ardán í an Pharlaimint do thaispeántais agus d'imeachtaí poiblí ina déileáiltear le comhionannas inscne amhail saincheisteanna meabhairshláinte, lena gcothaítear idirphlé, feasacht agus ionadaíocht chuimsitheach ar fud na hinstitiúide agus leis an bpobal i gcoitinne; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur eagraíodh searmanas corónaithe chun urraim a thabhairt do mhná atá ag dul i ngleic le hailse; á iarraidh ar an Uachtarán a bheith cúramach i gcás cistiú tionscnamh atá bunoscionn le luachanna an Aontais Eorpaigh; á chur in iúl gur geal léi úsáid na Parlaiminte mar ardán chun aird a tharraingt ar fhoréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh, á chur i bhfáth a thábhachtaí atá misin AE agus na Parlaiminte a rannchuidíonn le comhionannas inscne a chur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a chuireann tacaíocht, cosaint agus seirbhísí bunriachtanacha ar fáil do mhná agus do chailíní ar íospartaigh foréigin ghnéasaigh iad i gcásanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh na Parlaiminte maidir leis an tSeachtain um Chomhionannas Inscne agus Lá Idirnáisiúnta na mBan;

13. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá táirgí míosta na mban a bheith ar fáil chun tacú leis na Feisirí agus leis an bhfoireann; á iarraidh go bhfeabhsófaí inrochtaineacht laistigh den Pharlaimint i gcás na bhFeisirí, na foirne agus cuairteoirí atá faoi mhíchumas – agus aird ar leith á tabhairt ar mhná agus ar chailíní – lena n-áirítear ar gach limistéar poiblí**.**

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	27.1.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 22 –: 8 0: 3

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

22	+
PPE	Ewa Kopacz, Verena Mertens, Mirosława Nykiel, Giusi Princi, Maria Walsh
Renew	Abir Al-Sahlani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Lucia Yar, Dainius Žalimas
S&D	Gabriela Firea, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Maria Noichl, Joanna Scheuring-Wielgus, Cecilia Strada, Marko Vešligaj
Grúpa na Clé	Hanna Gedin, Irene Montero, Carolina Morace
Verts/ALE	Mélissa Camara, Alexandra Geese, Benedetta Scuderi

8	-
ECR	Beatrice Timgren
ENC	Christine Anderson
NI	Fernand Kartheiser
PfE	Mathilde Androuët, Mireia Borrás Pabón, Elisabeth Dieringer, Margarita de la Pisa Carrión, Anders Vistisen

3	0
ECR	Chiara Gemma
NI	Judita Laššáková
PPE	Rosa Estaràs Ferragut

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh